

AN RÍ AGUS A BOLSGAIRE.

Rí a bhí ann agus bhí ingean aige agus bhí bolsgaire aige. Bhí an bolsgaire suim mhór aimsire aige agus faoi dheire cheap sé go mbéidir go raibh sé mór leis an ingean agus d'íbir sé é agus ní raibh aon áit faoin domhan le dhul ag an mbolsgaire ach a bheith ag imteacht roimhe agus casadh isteach i gcoill é. Nuair a chuaigh sé isteach sa gcoill casadh teachaín beag air agus nuair a thainig sé isteach séurd a bhí ann bean draoiheachta. Dubhairt sí leis a dhul amach go beo. "Níor cheart dhuit mé chur amach anocht " adeir sé. Thosuigh siad ag sárúghadh ar a chéile. "Fágfhaidh mé istigh anocht thú" adeir sí "má threabhann tú gairidh beag atá an sin amuigh a mbaireach.

"Treabhfhad" adeir sé. D'fhag sí istigh san oidhche é agus ar maidin chuaigh sé a treabhadh an gharaidh agus ba iongtach an garaidh le treabhadh é. Tháinig sé isteach trathnona agus an garaidh treabhtadh aige. "Níl aon ghnó a'd a teacht isteach " adeir sí. "Ó ná cuir amach anocht mé" adeir sé nach bhfuil fhios a'd go bhfuil mé tuirseach." Má fhagaim istigh anocht thú" adeir sí caithfidh tú carr maidí a bainnt a mbaireach." " Bainfeadh" adeir sé. D'ímtigh leis ar maidin a bainnt na maidí agus ní raibh deifir a' bith ar gá mbainnt go raibh siad bainnte aige nuair a bhí sé an oidhche, thainig sé isteach nuair a bhí siad bainnte aige. "Níl aon ghnó isteach" adeir sí "ligh mé isteach thú aréir agus arú aréir le truaigh dhuit ach ní thiocfhaidh tú isteach anocht." "Ó tá mé tuirseach" adeir sé "agus ma chuireann tú amach anocht é cáillfear mé. "Bhfuil fhios a'd céurd é" adeir sí. "Tá tobar ansoin thall agus tá solus gorm shíos ann gabhfaidh mé fhéin an aonfeacht leat agus má thugann tú an solus agam tiubharfaidh mé chuile rud duit."

D'ímtigh léithe agus rópa aici agus sgaoil sí síos ann leis an rópa é agus ní raibh fios cénn domhain a bhí sa tobar. Sgaoil sí síos é gur rug sé ar a solus agus thosuigh sí 'gá tharringt aníos go raibh sé sach gar dhi le breith air. "Sín aníos an solus a'm" adeir sí. "Ní shínfeadh go dtiocfhaidh mé fhéin aníos" adeir sé. Sgaoil sí sí síos ar thóin an tobair aríst é fhéin agus an solus. Sgarr gur thosuigh fuacht a teacht air agus bhí an solus i ngreim a gcomhnuigh aige. Nuair a thosuigh an fuacht a teacht air tharraing sé a phíopa as a phóca agus d'iompuigh sé an solus ar a bpíopa a dhul gá lasadh agus ar a bpointe agus ar iompaigh thainig an fear le na ghualainn. "Céurd tá uait" adeir an fear. "Mé bheith tugtha aníos as seo" adeir sé. "Agus an bhean sin a bheith curtha go leath taobh romham agus í bheith curtha síos sa tobar agus an teach agus an áit a bheith a'm fhéin. "Bhí sin déanta le iompughadh na boise agus é istigh 'sa teach agus fuair sé stumpa dhe mhála óir ann. Nuair a bhí sé socruighthe istigh sa teach ansoin d'iompuigh sé an solus ar a bpíopa aríst agus d'iarr sé ingean a Rí a bheith aige agus bhí agus bhí sí curtha ar air ar maidin. Lá na bhaireach dubhairt ingean a Rí le na hathair go raibh sí mar bheadh sí i mbrionglóidí an oidhche roimhe sin agus gur tugadh an gcúirt í.

"Boil" adeir a Rí " cuir thusa cruithneacht in do phóca anocht nuair a bheas tú dhul chodladh agus má airigeann tú tú fhéin ag imteacht cuir poll ar a bpóca agus beidh an chruithneacht ag imteacht as agus beidh fhios cá ngabhfhaidh thú. Tugadh an bealaigh an darna oidhche í.

Nuair a bhí an sglabhaidh a dul gá iarraidh dubhairt sé leis an mbolsgaire go mbeadh a dhóthain le deanamh aige fhéin a cruinneadh cruithneachta. Tugadh an ingean ag tigh an bholsgaire agus bhí sglabhaidhe a cruinneadh cruithneachta ar feadh na hoidhche. Nuair nach raibh an chruithneacht le fail ní raibh fhios cad raibh sí. Dubhairt sí le na hathair go raibh sí ag imtighthe. “Bhoil” má imthigheann tú anoch” adeir sé “bain díot do bhróga agus caith i gcúine eicint sa teach iad agus beidh fhios cá raibh tú.”

An oidhche sin d’iompuigh an bolsgaire an solus agus dubhairt sé an ingean a thabhairt aige. “Ní mór dhuit” adeir an sglábaidhe breathnuigheadh amach dhuit fhéin mar béarfar ort a mbaireach gan bhuidheachas dom sa”. Tugadh aige í agus nuair a bhí sí a dhul ar ais d’fhág sí an bhróig ina diadh. Tháinig cuairteadh ar a’ mbróig lár na bháireach agus fhriththeadh í agus tóigeadh an bolsgaire agus cuireadh sa bpríosúin é.

Bainneadh de a chuid éudaigh. Bhí an mála a raibh an tór ann ceanguilte dhe agus d’fhan sé aige ach d’imtigh an solus agus a phíopa uaidh. An fear a bhí a breagnughadh ina dhiadh dubhairt sé leis “má thugann tú agam sa mo chuid éudaigh” adeir sé tiubharfhaidh mé mála óir dhuit. “Má thugann tusa an mála óir domsa adeir a fear tiubhfhaidh mise an téudach agat.” Thug sé dhó an mála agus fuair sé an téudach. Nuair a fuair sé an téudach chuir sé air é agus thug sé amach an píopa agus d’iompuigh sé an solus air agus d’iarr sé é thabhairt as seo.” Tháinig an sglabhaidhe “ná bac le imteacht as seo” adeir sé “fan go dtí lá an tríail beidh congnamh a’ m sa an lá sin agus feichfidh tú siamsa agam – sa agus ag mo lucht conganta.” Nuair a tháinig an tríail ansoin tligheadh le na chrochadh é. Nuair a bhí sé le crochadh an sin agus na daoine uilig ann d’iarr sé athchuididhe ar a Rí agus fuair sé í.

Tharraing sé amach a phíopa agus d’iompuigh sé an solus air agus tháinig an sglábaidhe agus a chuid fir agus mharbhuigh siad a raibh ann ach an Rí agus gheall seisean dhó go dtiúbhfrfhadh sé an ingeanle pósadh dhó. Chuaidh siad tigh an Rí ansoin agus pósadh iad agus d’fhan siad ansoin. Is aige fhéin a bhí chuile chomhairle agus chuile bhealach ó’n Rí ní raibh an Rí ag iarraidh máigistireacht a bith air. Nuair a bhí sé ann tuairim bliadhain (agus é fogléireacht chuile lá) thug sé guna leis lá agus nuair a bhí sé dul amach d’iompuigh sé an solus agus tháinig a’ fear chomh fada leis agus d’fhiaruih sé dhe cé’n áit a bfearr dhó dhul a foghléireacht. “Gabhfhaidh tú isteach sa gcoill” adeir sé “go gcastar clóca leat agus ní bheidh aon bhlas den clóca le feiceáil a’d ach éunacha agus caithfidh tú leis an éun is airde ar a’ gcraobh agus marbhuigh é agus nuair a mharbhócas tú é bain as an croidhe agus cuir in do phóca é agus níl aon lá choidhein nach mbeidh airgead a’d. Agus bainfidh tú an craobh agus cuirfidh tú sa ngairdín é agus beidh na héunacha a tigheacht air chuile lá agus tiubhrfhaidh tú leat an clóca agus uair a’ bith gcuirfheas tú ort é rud a’ bith a iarrfas tú geobhfhaidh tú é. Agus an sin nuair a ghabhfhas tú abhaile leis a’ gcraobh beidh ingean beirthe romhat agus sé’n tainm a bhaistfheas tú ar an ingean An Craoibhín Áluinn mar sin é an tainm a tá ar an gcraobh agus níl aon la choidhein nach mbeidh an tadh ar an ingean sin.”

D’imtigh leis ansoin agus nuair a chuaidh sé isteach sa gcoill agus chonaic sé an tamharc deas seo an craobh agus clóca agus é clúduighthe le éunacha agus chaith sé leis an éun ba haoirde agus mharbhuigh sé é agus bhain sé an craoidhe as agus chuir sé ina phóca é agus thug sé leis an chraobh agus an clóca. Thug sé abhaile an clóca agus chuir sé i dtaisce é agus

chuir sé an chraobh sa ngáirdín agus bhí ingean beartha roimhe nuair a thainig sé. Bhaist sé An Craoibhín Áluinn ar an ingean. Bhí an ingean a tigeacht suas ansoin agus bhí sé ag imteacht chuile lá foghléireacht agus a' breathnuigheadh ina thimpeall. Ní baoghal a' bith nach raibh neart airgid ina phóca, agus rud a bith eile a bhí uaidh ní raibh air ach a clóca a chur air agus gheobhfhadh sé é agus bhí fear a lampa ag obair dhó freisin - triúr ar fad.

Bhí an ingean ag eirigh suas ansoin go raibh sí ina sudaire mhaith, a breith suas ar a bheith ina cailín óg agus ansoin cailleadh a máthair. Nuair a cailleadh an bhean ansoin bhíodh sé ag imteacht ag foighléireacht chuile lá agus lá amhain casadh bean sa gcoill air. Thug sé aghaidh an ghuna uirthi agus dubhairt sé go gcaithfheadh sé í. Ó ná caith "adeir sí "bean mise a tháinig chomh fada leat. Is a'm atá an ingean is breaghtha dha bhfaca tú ariamh feuchaint a bpósfá í. D'ímtigh leis an aonfeacht léithi go dtáinig sé isteach i gcúirt bhreagh agus bhí a bhean go breagh ach bhí an bhean seo ní ba breaghtha na í.

Bhí an bhean agus an ingean a dhul timcheall ar ansoin gur ghoid siad an craoidhe as a phóca agus chuir siad i bhfolach é. Bhí sé suarthach go leor ansoin. D'eirigh siad ansoin ar maidin agus d'iarr siad air an clóca a chuir air agus é fhéin agus iad fhéin a thabhairt go Sliabh An Óir. Nuair a chuaidh siad go Sliabh An Óir ansoin bhí an áit chomh breagh agus go dtáinig coladh air. "Cuir do cheann i mo ucht" adeir an ingean leis. Chuir agus nuair a thuit sé ina chodladh ghoid siad an clóca uaidh agus d'ímtigh siad. Nuair a dhuigh sé ansoin ní raibh aige ach a bheith a breathnuigheadhina thimceall. Ní mórán achair go bhfaca sé an fathach a tigeacht "fú fá fiasóg" adeir a fhthach. "Dona go leór" adeir seisea. "Creidim gur casadh an cailín leat" adeir a fathach agus go bhfuil tú robáilte aici agus beidh mise robáilte anois freisin nuair a tá an craoidhe agus a clóca aici. "Tá mé cailte leis an ocras" adeir seisean. "Teanam uait an aonfeacht liomsa" adeir a fathach agus tiubharfhaidh mé neart le nithe dhuit."

Chuaidh sé an aonfeacht leis an bhfathach agus sé'n áit a dtug sé é ag gairdín agus bhí chuile rud curtha ann. Bhí gobáiste ann agus feictear dhó nach bhfaca sé aon ghabáiste ariamh chomh breagh léithi agus thosuigh sé ag ithe na gobaiste agus ní raibh an chéud ghreim shíos aige nuair a bhí sé ina asal. Bhí an fathach a breathnughadh air ansoin agus bhí a dha oiread ocrais ansoin air nuair a bhí sé ina asal. Ní dhearnaidh an fathach ach a dhul anonn ansoin agus meall de ghabáiste eile a bhí ann a chaitheamh aige agus ar a bpointe boise agus ar bhain sé plaic aisti bhí sé ina fhear aríst. "Teanam uait anois " adeir a fathach "agus tabhatfhaidh mise neart le nithe dhuit." Thug an fathach leis ansoin é agus thug sé neart le nithe dhó. "Níor tháinig aon dhuine anseo ariamh a bhí i ndan é fhágáil mar a mbeadh draoidheacht aige" adeir a fathach "agus níor lig mise aon duine as ariamh gan é mharbhughadh ach tá truaigh a'm duitse. Tá a fhios a'm go maith gur fada an la a bheithfheá anseo sul dhá dtiubhrfá aon bhlas de mo chuaid óir uaim, ach ní bheidh mé mar sin anois tiubhrfhaidh an chailleach uaim é nuait atá an clóca aici.

Ní raibh an fathach i ndon é chur abhaile ansoin agus ní raibh aon mhaith do dhul abhaile mar a bhféudfadh sé dul chomh fada leis a' mbeirt. Chuir sé a láimh siar ina ascail ansoin agus sin é an uair a chuimhne sé ar a solus. Ní raibh fhios ag a' gcailleach go raibh an solus aige thiubharfhaidh sí uaidh é ach ní raibh fhios aice agus níor chuimhne sé fhéin ariamh air

go dtí seo. D'iompuigh sé an solus ar an bpíopa agus tháinig an fear chomh fada leis. "Creidim go bhfuil cruadh chúis ort" adeir a fear. "Tá" adeir seisean. "Níl aon mhaith dhomsa go do thabhairt as seo go bhfuigh mé cuid de'n ghabáiste. Chuiadh sé agus fuair sé trí mheall gabáiste. "Tiubhrfhaidh meall acab seo anois" adeir sé "do chaon dhuine acab agus coinnigh an meall eile agus tá an gabáiste milis agus chomh luath agus bhlaissfheas siad de'n ghabáiste iompócaidh siad ina ndá asal. Nuair a bheas siad ina nasail ná spáráil féur tirim orrthab agus ná tabhair aon deoir uisge dhóibh go bhfeicfidh tú cé'n tachar a d'fanas siad beo."

D'ímtigh leis ansoin agus thug sé dhóibh na dá mheall agus chuir sé an meall eile i dtaisce. Nuair a bhí cupla plaic ithte acab an sin d'eirigh siad suas ina bpéire asail bhuail sé isteach i sciobóil fuar folamh iad agus trí seachtmhaini a bhí siad ansoin ag ithe féar teirim nuair a cailleadh an sean asal labhair an ingean leis ansoin agus í ina hasal "má leigheasann tú mé" adeir sí "pósfhaidh mé thú agus ar ndóigh ní bheidh aon bhean sa domhan a bheas chomh breagh ná chomh saidhbhir liom agus geallfhaidh mé dhuit nach ndéanfaidh mé aon bhlas as bealach ort aríst go dteó. Thug sé an meall eile le nithe di agus d'eirigh sí suas ina bean agus thug sé leis abhaile í. Bhí sí an – cheanamhail ansoin ar an ingean go ceann bliana agus cheap sí ansoin go raibh an ingean ina bean ní ba bhreaghtha ná í fhéin. D'ímtigh léithi agus thug sí léithi an ingean agus d'fhág sí istigh sa gcoill í agus ní raibh aon bheithidheach éaisiúl sa domhan nach raibh istigh sa gcoill. Nuair a d'fhág sí istigh i lár na coille í. D'ímtigh sí uaithi. Thoduigh an ingean ansoin a caoidhneachán agus a siubhal léithi agus ní raibh aon bheidheach a' deanamh rud a bith uirthi ach chuile shórt a craitheamh a dhriobaill mar nuair bhí sí a dhul thartabh.

Ar maidin lár na bháireach tháinig sí amach as a' gcoill agus bhí ag siubhal léithi píosa de'n lá go dtáinig sí isteach i dteachín beag deas. Bhí cheirthe naigín bruchán agus cheithre chaca leagtha ar an mbord agus d'ól sí blogam as chaon naigín agus ansoin chuaidh sí isteach faoi'n mbord a bhfolach. Sgearr a bhí sí ann nuair a chonaic sí ceathar firíní beaga a teacht isteach. "Bhí bean anseo" adeir siad "nuair a bhlaiss siad dá gcuid naigínbh. "Gaibh amach as sin" adeir duine acab Nuair a chonaic siad í "fanfhaidh tí an aonfeacht linn anois" adeir siad "a réiteach a mbéilí dhúinn." Bhí sí an spóirteamhail ansoin. Chuile sórt dhá raibh ag Rí ná ag príonsa bhí sé acab. Bhí sí an aonfeacht léothabh ansoin go ceann ráithe nó mar sin nuair a d'eirigh an leas mháthair suas lá agus bhí pictiúr aici a bhfiarrfhidh sí chuile rud dhe. "A bhfuil aon bhean faoi'n domhan" adeir sí "is deise croidhe coise, barr boise agus drad fiacal ná mé ó cailleadh An Craoibhín Áluinn". Ó níor cailleadh an Craoibhín Áluinn cor a' bith" adeir a pictiúr "tá sí ina léithide seo dhe áit.

Bhuail léithi go dtáinig sí chomh fada léithi. Nuair a bhíodh na fir bheaga a dul amach chuile lá deirfheadh siad léithe dá dtiocfadh aon duine ag a doras gan é leigint isteach. Ní moran achair go dtáinig an leas mháthair ag a doras "leigh isteach mé" adeir sí. "Fuair mé orduigheadh gan aon dhuine a leigeann isteach" adeir sise. Ó leig isteach meise" adeir a leas mháthair leig sí isteach í. Thosuigh sí a dul an múirnéis léithi agus ní mórán achair gur bhuail sí dhe'n tslaitín draoidheacht í agus go ndearna sí cut di. D'fan an cut ar a tealach go dtáinig na fir bheaga isteach. An chéud triúr a thainig isteach daithnigh siad gur bí an bhean a bhí ina cut agus chuir siad a bó bó sna coillte. Nuair a tháinig an ceathramhadh fear isteach

dfiarruigh sé díob cé'n fág caoidhneacháin a bhí acab. D'innis siad dhó. "leigheasfaidh mise é sin" adeir sé. Chuaidh sé siar agus fuair sé an tslaitín draoidheachta agus rinne sé bean di.

Bhí sí ar feadh ráidche eile ansoin aríst agus iad ag iarraidh uirthi an doras a choinghneál dúinte. Chuaidh an leas mháthair go dtí an pictiúr an lá seo "A bhfuil bean ar dhroim a domhain " adeir sí "is deise croidhe, coise barr boise agus drad fiacall ná mé ó cailleadh An Craoibhín Áluinn." "Níl an CraoibhínÁluinn caillte chor a' bith" adeir a pictiúr. "Nar rinne mé cut dhi" adeir sí. "Má rinne féin" adeir a pictiúr "rinne an cab bean aríst di. Chuaidh sí chomh fada léithe arist. Bhuaíl aí an doras agus d'iarr sí i leigheann isteach, D'eirigh an ingean agus lig sí isteach í. Thosuigh sí a múirnéis léithi "gabh leith" adeir sí "agus cuir do cheann i mo ucht." Chuir agus nuair a fuair sí ina codladh í. Chuir sí breán suain ina ceann agus rinne cnap i lár an uarláir í.

'Sgarr go dtáinig an triúr fir isteach. Fuair siad cáillte í agus thosuigh siad a caoineadh. Nuair a tháinig a fear eile isteach "céurd tá orrbhaibh" adeir sé "an bhean tá cáillte" adeir siad. "Ní seadh" adeir sé "ach breán suaim atá innte." Chuaidh sé suas agus fuair sé gloinne agus chuir sé ar a shúil í agus chonnaic sé an breán agus tharring sé aiste é agus deirigh sí suas chomh maith agus bhí ariamh. Bhí an bhean ráidthe eile aríst sul dhá ndeachaidh sí ag a' bpictiúr "bhfuil aon bhean faoi'n domhan" adeir sí "is deise caol boise barr boise agus drad fiacall ná mé ó cailleadh An CraoibhínÁluinn. "Níor cailleadh An Craoibhín Áluinn chor a' bith" adeir a pictiúr. "Mar bhain a cab an breán suain aisti. Nuair a bhí na fir a dhul a amach a lá seo "seachain" adeir a ceathramhadh fear léithi "má theagann an bhean sin ag a dorus indiu a leighfeá isteach isteach í agus "adeir sé sé leis na fir "beidh mise a dul ar aistir naoi lá indiu agus má eirigheann aon bhlas dhon bhean sin ná deanaí tada léithi ach í chur isteach sa mbosca sin a bhfuil an cloigeann gloine air agus bígí ag breathnughadh uirthi go dteagfhaidh mise ar ais". Ní raibh ann ach go raibh siad imtighthe amach nuair a tháinig an leas mhathair ag a doras "leigh isteach mé" adeir sí. Nuair a tháinig sí isteach thug sí ubhla le nithe dhi. Nuair a bhí sé sin ithte aici thug sí ceann eile di agus ansoin thug sí ceann eile di. Ní raibh bainnte aici as ach aon ghreim amháin nuair a tuit sí siar marbh ar an urlár agus thuit an tubhala ar an uarlár.

Nuair a tháinig na fir bheaga isteach ní raibh acab ach í chaoineadh agus í chur isteach sa mbosca agus a bheith a breathnuigh uirthi. Maidin an naomhadh lá bhí Rí a dhul thart agus thug na fir bheaga isteach é a breathnuigh uirthi. "Ní cáillte atá sí sin chor a' bith" adeir a Rí. Chonaic sé píosa dhe ubhla a tigheacht as a béul agus tharring sé amach é agus d'eirigh sí aniar ach ní raibh sí i ndon labhairt. Ní raibh ann ach go raibh sí eirgithe nuair a tháinig an ceathramhadh feairín "thug sí an tubhala nimhe le nithe dhuit" adeir sé. Chuaigh sé siar agus fuair sé poitín iochshlainte agus leigheas sé í. "Is doigh" adeir a Rí "go dtiubhrfhaidh tú dhomsa í seo le pósadh." "Tiubhrfhaidh" adeir a fear. "Agus ní tuirseach dhi atá muid fhéin fós ach is maith liom áit mhaith a bheith aici."

D'imtigh léithi agus phós sí an Rí. Nuair a bhí sé í nám ag a' leas mhathair a dhul ag a' bpictiúr chuaigh sí aige. "A bhfuil aon bhean faoi'n domhan" adeir sí "is deise caol coise, barr boise agus drad fiacal ná mé ná mé ó cailleadh an Craoibhín Áluinn." "Níl an Craoibhín Áluinn caillte chor a bith" adeir a pictiúr. "Céurd a leigheas í" adeir sí "leigheas a

sglábhaidhe” adeir a pictiúr “agus tá sí pósta ag a Rí is saibhre faoi’n domhan.” “Gabhfhaidh mé chomh fada léithe aríst” adeir sí. “Níl aon mhaith dhuit ann” adeir a pictiúr “níl tú i ndon aon bhlas a dheanamh ar an mbean sin níos mú.” Dubhairt na sglábhaidhe leis a’ Rí gan an bhean fhágáil gan arm láidir a bheadh a tabhairt aire dhi. Bhí siad pósta ansoin tuairim bliadhain nuair a chuaidh an bhean ag a bpictiúr aríst agus d’iarruigh sí dhe a raibh aon bhaoghal uirthi aon pháisde a bheith aici. “Tá” adeir a pictiúr “beidh páisde aici anocht nú amáireach agus tá coileach ansoin agus féudfhaidh tú é thabhairt le nithe dhi agus tiubhrfar na páistí uaithe. Agus má fhaghann tú seans an fhuil a chuimilt dhá béul cuimil agus bféidir go dtiubhrfhadh a Rí fuath dhi agus go marbhócaidh sé í”.

Chuaidh sí ann ansoin agus bhí mac agus ingean aici as comhair súile a raibh acab ann uilig agus ní raibh fhios cá ndeachaidh siad. Fuair an leas mháthair áille eicint uirthi ansoin agus chuimil sí an fhuil dha béal agus dubhairt sí leis a Rí go b’é an chaoi ar ith sí na páisdí. Tháinig an leas mháthair abhaile agus dubhairt sí leis na fear an solus iontughadh agus a iniean a thabhairt abhaile go raibh beirt pháisdí aici agus gur ith sí iad agus go raibh an Rí le haghaidh í mharbhugadh. Nuair a d’iompúigh an fear an solus labhair sglábhaidhe an tsoluis leis na firíní eile agus dubhairt sé go raibh an solus iompúighe ag fear a tsoluis “agus cuirfidh mé geall” adeir sé “gur le haghaidh rud eicint a dheanamh ar Craoibhín Áluinn a chuir sé fios orm.” “Má sead” adeir “an feairín eile abair leis nach bhfuil tú i ndon é sin a dheanamh ach abair leis an solus a thabhairt dhuit agus nuair a gheobhfhas tú an solus tabhair anseo a’ m sa é.”

Nuair a chuaidh sé go dtí an fear. “Céurd tá uait” adeir sé. “M’ingean a thabhairt uaidh an Rí sin sul dhá marbhuigh sé í. “Ní fhéadhfaidh mise é sin a dheanamh” adeir a sglábhuidhe gan an solus a bheith agam in mo láimh.” Thug sé dó an solus agus nuair a fuair sé é thug sé ag a bhfeairín eile é. D’fhan an leas mhathair go ceann bliana aríst agus ansoin chuaidh sí go dtí an pictiúr, “bhfuil aon bhean faoi’n domhan chomh breagh liom ” adeir sí. “Cé’r fhág tú an Craoibhín Áluinn” adeir a pictiúr “nach bhfuil fhios agat gur deise í ná thú.” “Cáide go mbeidh aon pháisde aici” adeir sí. “Indiu nú a mbáireach” adeir a pictiúr feudfhaidh tú dhul ann agus coileach a thabhairt leat bféidir go bhfaighfheá seans an fhuil a chuimilt di..” Chuaidh sí ann agus sgearr go rugadh mac breagh dhi a raibh fleasg óir i gclár éudain agus fleasg airgid i gcúl a chinn agus nuair a shíl siad a dhu dhá nigheachán ní raibh fhios cá ndeachaidh sé.

Fuair a’ leas mháthair seans uirthi agus chuimil sí an fhuil di “nach b’é an nós ar ith sí é” adeir sí. “Creidim go b’é” adeir a Rí. Tá an seans seo léithi” adeir sé ach má dheanann sí aríst é ní ghabhfhaidh sé léithi.” Chuaidh an leas mháthair abhaile agus í áthasach go leór faoi’n sgéul a bhí aici. Bhí sí dul ag a’bpeictiúr aríst gur dhubhairt a peictiúr léithi go raibh sí le haghaidh cluinne aríst. “Teirigh chomh fada léithe” adeir a’ pictiúr “agus tabhair leat a coileach agus dóighfear a torus seo í” adeir sé. Nuair a tháinig sí ansoin agus a rugadh an páisde beag nuair chuadad ‘gá nigheachán ní raibh sé le fágáil. Fuair an leas mháthair seans uirthi agus chuir sí an fhuil ar a béul. “Gá nitheathá sí ” adeir a Rí “agus caithfear teine a dheanamh a mbáireach agus í a dhoigh.” Bhí an leas mháthair an – áthasach ansoin agus d’fhan sí an oidhche go mbeadh sí a choingamh don Rí lár na bháireach a fadhughadh na teine.

Nuair a bhí fhios ag an bhfear a raibh an solus aige go raibh méid sin le deanamh “imtighe” adeir sé le sglábhuidhe an tsoluis agus tabhair leat an bhean anseo agus tabhair leat an bosca sin thall leig amach an méid atá istigh ann go marbhuigheadh siad an méid a bheas timceall ar a’ teine. “D’imthig leis agus agus nuair a fuair sé chuile dhuine imtighe ag fadughadh na teine ach an bhean thugh sé leis í. Chuaidh sé ansoin agus bhain sé an clar den bhosca agus d’eirigh dhá león amach as agus choinnigh siad an méid siad an méid a bhí timcheall ar a’ teine síos’sa teine nú gur dóghadh iad idir Rí agus bean bolsgaire agus a raibh ann. Chuir an sglábhuidhe fios ar a’ mbolsgaire ansoin go dtug sé leis abhaile a ingean agus a chlann triúr mac agus ingean (ba é an sglábhuidhe a bhí gá dtabhairt leis) agus ar ndóigh bhí neart áit ag a’ mbolsgaire dhóib arist go brách.

26/3/32.

Fuair an ingean an solus agus bosca na leóinuathab le bheith tabhairt aire dhi go deó.